MAIDIR LE hIARRATAS CHUIG

AN mBORD PLEANÁLA

AR CHEADÚ (I) CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE 1993 (ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MÓTARBHEALAIGH CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; agus (III) SCÉIM BÓTHAIR CHOSANTA CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

Tag. ABP ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

RÁITEAS Fianaise

Freagairtí ar Agóidí/Aighneachtaí Seandálaíochta,

Ailtireachta & Oidhreachta Cultúrtha

le

**Faith Bailey, MA, BA (Onóracha) MCIfA, MIAI**

**20 Feabhra 2020**

# 1 Cáilíochtaí agus Taithí

1.1 Faith Bailey is ainm dom agus is seandálaí sinsearach agus comhairleoir oidhreachta cultúrtha mé a oibríonn ag IAC Archaeology. Tá MA agam sa Bhainistíocht Tírdhreacha Chultúrtha (seandálaíocht agus oidhreacht thógtha) agus BA sa tseandálaíocht onóra aonábhair ó Ollscoil na Breataine Bige, Lampeter. Is seandálaí incháilithe ceadúnais mé. Tá mé i mo bhall den Chartered Institute of Archaeologists, d'Institiúid Seandálaithe na hÉireann agus tá breis is 16 bliana taithí agam ag obair san earnáil seandálaíochta tráchtála agus oidhreachta cultúrtha.

# 2 Ról san Fhorbairt Bóthair atá Beartaithe

2.1 An ról a bhí agam i dTionscadal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe ná measúnú seandálaíochta, ailtireachta agus oidhreachta cultúrtha a dhéanamh maidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ó shriantaí agus roghnú bealaí go measúnacht tionchair timpeallachta don TMTT. Tá mé ag obair ar an tionscadal ó 2014 i leith le freagracht as an méid a leanas:

- ár bhfoireann inmheánach a chomhordú agus faisnéis a tháirgeadh
- dul i mbun plé leis na bainisteoirí tionscadail timpeallachta (Arup) agus leis an bhfoireann níos leithne timpeallachta agus dearaidh
- dul i mbun plé agus i gcomhairle le Seandálaí Tionscadail TII don fhorbairt bóthair atá beartaithe
- Measúnacht tionchair seandálaíochta, ailtireachta agus oidhreachta cultúrtha ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe a tháirgeadh do Chaibidil 13 den TMTT
- Aguisíní A.13.1-A.13.12 den TMTT a thiomsú

# 3 Príomhcheisteanna maidir leis an Oidhreacht Seandálaíochta, Ailtireachta & Chultúrtha

3.1 Glactar leis gur léadh Caibidil 13 den TMTT ina hiomláine agus ní dhéantar aithris uirthi anseo. Chun cabhrú leis an mBord a mhachnamh a dhéanamh ar an iarratas seo i gcomhair Ceada agus ar mhaithe le háisiúlacht na rannpháirtithe go léir ag an éisteacht seo, tugtar achoimre ghairid thíos ar na príomh-mhíreanna a bhaineann leis an measúnú ar oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha an N6 CBCG atá beartaithe agus a mhionsonraítear i gCaibidil 13 den TMTT.

3.2 Sainítear an timpeallacht ghlactha mar limistéar atá thart ar 250 méadar ó imeall na forbartha bóthair atá beartaithe. Tógtar na toisí ó theorainn na forbartha beartaithe chuig fothraigh láithreáin nó struchtúir atá ina seasamh. San áit nach bhfuil aon fhothraigh ina seasamh, tógtar an tomhas chuig lár an láithreáin mar a thugtar le fios laistigh d'Fhíoracha 13.1.01 go 13.1.15 den TMTT.

3.3 Taifeadadh 41 Láithreán Oidhreachta Seandálaíochta (AH) laistigh den timpeallacht ghlactha seo. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an Taifead Láithreán agus Séadchomharthaí (TLS) reatha agus ar an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna (TSÁ) agus tá roinnt athruithe a bhaineann le láithreáin áirithe sa Taifead molta ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Mar gheall air sin, tá cúig thaifead dhíomhaoine san áireamh laistigh den 41 láithreán, a bhainfear amach as an TLS. Rinne an Roinn rangú ar na láithreáin sin mar láithreáin neamh-sheandálaíochta. Táthar ag tuar go bhféadfadh tionchar diúltach tromchúiseach a bheith ag láithreán AH amháin i rith na tógála, ina gcuimsítear an láithreán ina bhfuil ballán neamhshuite: AH 2 (tag. Fíor 13.1.05 den TMTT).

3.4 Tá 27 Struchtúr Faoi Chosaint (Láithreáin BH), mar a liostaítear i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe (2017-2022), taifeadta laistigh de thimpeallacht ghlactha na forbartha bóthair atá beartaithe. Liostaítear sé cinn de na struchtúir faoi chosaint freisin laistigh d’Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (FNOA). Liostaítear seacht struchtúr eile ina n-aonar laistigh den suirbhé FNOA. Táthar ag tuar go mbeidh tionchar diúltach tromchúiseach ag láithreán BH amháin i rith na tógála, ina gcuimsítear teachín ceann tuí: BH 12 (tag. Fíor 13.1.09 den TMTT).

3.5 Tá na tionchair shuntasacha a d’fhéadfadh teacht chun cinn ar an acmhainn oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta agus cultúrtha ag an gcéim oibríochta mionsonraithe i gCuid 13.5.4 de Chaibidil 13 den TMTT. Mar achoimre go bunúsach, táthar ag tuar tionchar diúltach suntasach ag dhá láithreán AH agus BH. Ina measc sin tá Caisleán Mhionlaigh (AH 16/ BH 10 – tag. Fíor 13.1.07 den TMTT) agus iar-Theach Samhraidh sa Daingean (AH 15/ BH 9 – tag. Fíor 13.1.07 den TMTT).

3.6 Tá naoi gcinn de thírdhreacha deartha sainaitheanta laistigh de thimpeallacht ghlactha na forbartha bóthair atá beartaithe. Astu sin, tá baint ag ceithre cinn le príomhstruchtúr (Teach Bhearna, Teach Rathúin, Teach Pháirc na Sceach, Caisleán Mhionlaigh) a liostaítear mar chinn faoi chosaint laistigh de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe (2017-2022). Léirítear na tírdhreacha mar thírdhreacha ‘diméin’ scáthaithe ar an gcéad eagrán den mhapáil OS. Táthar ag tuar go bhféadfadh tionchar diúltach suntasach a bheith laistigh de thírdhreach deartha amháin ag an gcéim tógála, atá bainteach le Caisleán Mhionlaigh: DL 8 (tag. Fíor 13.1.07 den TMTT).

3.7 Sainaithníodh 72 láithreán a bhféadfadh tábhacht Oidhreachta Cultúrtha (láithreáin CH) a bheith leo i rith an mheasúnaithe laistigh de thimpeallacht ghlactha na forbartha bóthair atá beartaithe. Tá éagsúlacht ag baint leo sin ó thaobh foirme agus cineáil agus áirítear leo láithreán de struchtúir den stíl dhúchasach atá ina bhfothrach, tréigthe nó fós slán agus láithreáin ionchais a sainaithníodh nuair a bhí RTT 2006 á ullmhú le haghaidh Sheachbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe. Tá 12 thionchar dhiúltacha shuntasacha ar an iomlán tuartha ag an gcéim tógála ar láithreáin CH 2, 18, 26, 29, 34, 38, 49, 52, 55, 56, 57 agus 58 (tag. Fíoracha 13.1.01, 13.1.03, 13.1.04, 13.1.05, 13.1.06, 13.1.07, 13.1.08, 13.1.10, 13.1.11 agus 13.1.12 den TMTT). Cuimsítear leo sin láithreán na bhfoirgneamh den stíl dhúchasach mar

a bhí ann, teachíní den stíl dhúchasach, cosán Aifrinn agus imfhálú cearnógach a d'fhéadfadh a bheith ann.

3.8 Sainaithníodh 12 Limistéar Acmhainneachta Seandálaíochta (láithreáin AAP) fad is a bhí an measúnú ar siúl, ina gcuimsítear sruthchúrsaí agus gnéithe den tírdhreach nádúrtha a bhféadfaí féachaint orthu mar shuíomhanna lonnaíochta inmhianaithe ar feadh na dtréimhsí réamhstairiúla agus stairiúla. D'fhéadfadh sé tarlú mar gheall ar chorraíl talún a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe go mbeadh tionchar díreach, diúltach aige sin in áiteanna inar sainaithníodh Limistéir Acmhainneachta Seandálaíochta (AAPanna 1 - 12 (tag. Fíoracha 13.1.01 go dtí 13.1.15 den TMTT)) agus thar an gcuid eile den tionscadal, áit nár sainaithníodh láithreáin shonracha, ach ina bhféadfadh fothraigh sheandálaíochta a bheith ann gan an chuma sin ar an dromchla. Ag brath ar an gcineál fothraigh a bheidh i láthair má bhíonn aon cheann ann, d'fhéadfadh sé a bheith de chumas ag na tionchair (sula gcuirtear an maolú i bhfeidhm) a bheith idir measartha agus fíor-dhiúltach.

3.9 Sainaithníodh 33 trasrian teorann i mbailte fearainn atá á dtrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe i rith an mheasúnaithe.

3.10 A luaithe is a bheidh na bearta maolaithe atá molta, mar a mhionsonraítear i gCuid 13.6 de Chaibidil 13 den TMTT, curtha i bhfeidhm, ní bheidh aon tionchar iarmharach ar an acmhainn oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta nó cultúrtha mar thoradh ar thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe.

3.11 Maidir le céim oibríochta na forbartha bóthair atá beartaithe, cé go ndéanfaidh na bearta maolaithe beartaithe taifead ar chomhthéacs reatha na láithreán sin a mbeidh tionchar indíreach aici orthu, ní bhainfidh na bearta go hiomlán an tionchar iarmharach a bheidh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shocrú na láithreán seo a leanas:

- AH 15/ BH 19 Caisleán Mhionlaigh (tag. Fíor 13.1.07 den TMTT) agus AH 16/ BH 10 Teach Samhraidh – tag. Fíor 13.1.09 den TMTT) – tar éis an mhaolaithe, beidh tionchar measartha diúltach indíreach ag oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe ar na struchtúir sin.

3.12 Ní bheidh aon tionchar ag an mionathrú beartaithe ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire ar thorthaí measúnachta ar oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta nó chultúrtha atá sa doiciméad TMTT.

3.13 Ní athraíonn an t-iarratas reatha ar chead pleanála atá ag OÉG (Tag 19/373) chun páirceanna imeartha breise a thógáil agus an dá iarratas ar fhorbairt tithíochta straitéiseach atá beartaithe (Ob_229 agus Ob_469 agus S_003) conclúidí an mheasúnaithe tionchair charnaigh ar oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha atá sa TMTT.

# 4 Freagairtí ar Aighneachtaí/Agóidí

## 4.1 Forbhreathnú

4.1.1 As an 296 aighneacht a seoladh chuig an mBord Pleanála maidir leis an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), Ráiteas Tionchair Natura (RTN), Scéim Mótarbhealaigh agus Scéim Bóthair Chosanta (SBC) do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CCG), áirítear i gcúig cinn acu breathnuithe a rinneadh a bhain leis an timpeallacht oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta agus cultúrtha. Níor bhain aon cheann den 17 n-aighneacht a fuarthas maidir leis an bhFreagra ar Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise le hoidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha.

Tá liosta thíos de na príomh-mhíreanna a tarraingíodh anuas agus tugtar freagra ar leithligh ar gach ceann de na haighneachtaí:

- na tionchair ar sheandálaíocht (aighneacht/agóid Ob_311)
- na tionchair ag Cúil Each agus Mionlach (aighneacht/agóid Ob_584 agus S_074)
- na tionchair ar Chaisleán Mhionlaigh (aighneacht/agóid S_013)
- stádas na séadchomharthaí taifeadta (aighneacht/agóid Ob_584)
- tábhacht stairiúil Leitriff House (aighneacht/agóid Ob_298)

## 4.2 Na Tionchair ar Sheandálaíocht

### Ceisteanna a tarraingíodh anuas in Aighneacht/Agóid Ob_311

4.2.1 Mír 9: *"Déanann ár gcliant agóid maidir leis an tionchar diúltach tromchúiseach a bheidh ag an scéim bóthair seo atá beartaithe ar an bhfiadhúlra, ar cibé an ndearnadh aon chomaoineacha i dtaca le caomhnú an dúlra sa cheantar, ar sheandálaíocht agus ar thréithe thírdhreach ginearálta an cheantair, lena n-áirítear gnéithe nádúrtha cosúil le ballaí cloch a choimeád."*

### Freagra

4.2.2 Maidir leis an tseandálaíocht a chur san áireamh, tá measúnú iomlán ar an tionchar féideartha ar sheandálaíocht i gCaibidil 13 den TMTT. Tá an mhodheolaíocht a leanadh i gCuid 13.2 den Chaibidil sin, mar aon le ceanglais reachtúla agus treoirdhoiciméid ábhartha ar cloíodh leo sa mheasúnú. Tá cur síos i gCuid 13.5 ar an meastóireacht ar thionchair na forbartha bóthair atá beartaithe ar oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha agus moltar bearta i gCuid 13.6 den Chaibidil sin chun na tionchair sin a mhaolú.

4.2.3 Is é an tUasal Thomas Burns a dhéileálann le saintréith an tírdhreacha, lena n-áirítear na ballaí cloch, ina Ráiteas Fianaise, ina gcumhdaítear an measúnú

Tírdhreacha agus Amhairc (Caibidil 12 den TMTT). Le linn don mheasúnú ar oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha a bheith á thiomsú, áiríodh roinnt ballaí cloch a ndéanfar difear dóibh sa mheasúnú mar a leagtar amach i dTábla 13.9 den TMTT. Ina measc sin tá CH 8, 33, 36, 48, 71 agus 72. Beidh na codanna de na ballaí sin a bheidh le baint faoi réir taifid iomlán scríofa agus grianghrafadóireachta sula gcuirfear tús leis na hoibreacha tógála.

## 4.3 Tionchair ag Cúil Each agus Mionlach

### Ceisteanna a tarraingíodh anuas in Aighneacht/Agóid Ob_584

4.3.1 Leathanach 4, alt 5: *"Tá lonnaíocht sráidbhaile ón ngorta i Sráidbhaile Chúil Each freisin, agus acmhainn ollmhór ann a bheith mar láthair mór turasóireachta.... Is é mo thuiscint ná go ndéanfar struchtúr faoi chosaint de go luath. Tá teachín ann freisin a liostaítear mar struchtúr faoi chosaint i gcroílár shráidbhaile Chúil Each. Tá an ceantar seo an-ghar do Chairéal Leacaigh agus déanfar damáiste dó sa deireadh thiar mar gheall ar an tógáil atá beartaithe."*

4.3.2 Leathanach 4, alt 7 & 8: *"Tá an Gate House (i Mionlach) suite díreach 406 méadar siar ó thuaidh den bhóthar beartaithe. Beidh ar go leor HGVanna dul tríd le dul isteach ar na tailte ar a ndéanfar an tógáil atá beartaithe. Níl ár reilig áitiúil ach 577 méadar uaidh. Ba chóir a bheith cúramach leis na tailte timpeall ar Chaisleán Mhionlaigh, toisc gur dóigh go bhfuil iarsmaí iontu a bhfuil tábhacht seandálaíochta leo.*

*Gach seans go ndéanfaidh tógáil an bhóthair faoi mar atá beartaithe damáiste do gach ceann de na struchtúir sin."*

### Freagra

4.3.3 Tá an struchtúr faoi chosaint a luaitear san aighneacht, ar teachín é atá lonnaithe i gCúil Each, liostaithe i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe (2017-2022) mar RPS 2402 agus aitheanta mar BH 11 i gCaibidil 13 den TMTT. Níl aon struchtúir eile faoi chosaint liostaithe laistigh de limistéar staidéir na forbartha bóthair atá beartaithe ag an suíomh seo. Dheimhnigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe nach bhfuil aon tograí ann chun Sráidbhaile Chúil Each a shainiú mar 'struchtúr faoi chosaint' sa todhchaí.

4.3.4 Tá an teachín (BH 11) suite 63 méadar siar ó thuaidh den bhealach isteach reatha chuig Cairéal Leacaigh, áit a bheidh mar bhealach rochtana freisin le haghaidh campún ar an láithreán tógála nuair a bheidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe á tógáil. Tá an fhorbairt bóthair féin atá beartaithe suite 314 méadar ó thuaidh den teachín. De réir na hachoimre ar na tionchair fhéideartha ar an acmhainn oidhreachta tógtha a mhionsonraítear i dTábla 13.22 de Chaibidil 13 den TMTT, beidh an tionchar ag BH 11 mar thoradh ar thógáil agus ar oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe neodrach toisc nach gcuirfear aon athrú ar shuíomh an struchtúir ná ar an struchtúr féin.

4.3.5 Thug an tUasal Eileen McCarthy suntas don mhéid a tugadh faoi deara maidir le Menlo Gate House (AH 41/ BH 21) ina Ráiteas Fianaise, laistigh den rannán ina ndéileáiltear go mionsonraithe le 'Rochtain le linn na Tógála'. Ní cheadófar d'aon trácht tógála dul thar bráid in aice le Menlo Gate House. Ní bheidh aon tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an struchtúr. Tá sé sin amhlaidh freisin maidir leis an reilig a thaifeadtar (AH 10), áit a meastar gur tionchar neodrach a bheidh i gceist. Beidh na tailte timpeall ar Chaisleán Mhionlaigh, a mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu, faoi réir clár tástála seandálaíochta roimh an tógáil, mar a mhionsonraítear i gcuid 13.2.6 de Chaibidil 13 den TMTT.

## 4.4 Stádas na Séadchomharthaí Taifeadta

### Ceisteanna a tarraingíodh anuas in Aighneacht/Agóid Ob_584

4.4.1 Leathanach 4, alt 6: *"Baineadh siar asam go mór nuair a fuair mé amach ón scrúdú a rinne mé ar na doiciméid phleanála, agus nuair a léigh mé in Aguisín A 13.2 Séadchomharthaí Taifeadta laistigh den timpeallacht ghlactha, go dtabharfar íosghrádú stádais do chuid den 41 láithreán stairiúil a luadh. Cé a shocraigh é sin? Sa lá atá inniu ann nuair atá tábhacht mhór leis an timpeallacht a chothabháil ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, shílfeá gurb amaideach an rud é an méid beag atá fágtha againn chomh gar sin do Chathair na Gaillimhe a scriosadh."*

### Freagra

4.4.2 Mar a mhionsonraítear i gCuid 13.3.1.2 de Chaibidil 13 den TMTT, tá Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i mbun athbhreithniú ar an Taifead Séadchomharthaí reatha. As an 41 láithreán Oidhreachta Seandálaíochta a áiríodh sa mheasúnú, is taifid dhíomhaoine cúig cinn anois toisc go meastar gur láithreáin neamh-sheandálaíochta iad. Tá sé beartaithe ocht láithreán eile a bhaint mar gheall iad a bheith nua agus toisc nach meastar go bhfuil tábhacht seandálaíochta ag baint le láithreáin chairéil iar-mheánaoisigh. Bainfear ceithre cinn de na láithreáin as an taifead toisc nach bhfuil siad ar marthain níos mó agus toisc go bhfuil deireadh curtha leo ag forbairt nua-aimseartha.

4.4.3 Tá sé de chúram ar Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta cothabháil agus athbhreithniú a dhéanamh ar Thaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna agus ar an Taifead Láithreán agus Séadchomharthaí.

## 4.5 Na Tionchair ar Chaisleán Mhionlaigh

### Ceisteanna a tarraingíodh anuas in Aighneacht/Agóid S_013

4.5.1 Mír 2: *"Ritheann an bóthar atá beartaithe trí chúirtealáiste Séadchomhartha Náisiúnta, Caisleán Mhionlaigh, agus déanfaidh sé damáiste nach mbeifear in ann a leigheas do shuíomh an chaisleáin."*

4.5.2 Leathanach 8, alt 4: *"Ritheann bealach molta an chuarbhóthair díreach tríd an diméin stairiúil agus trí chúirtealáiste Chaisleán Mhionlaigh, rud a dhéanfaidh damáiste buan dá shuíomh aitheanta ar imeall Abhainn na Gaillimhe. Déantar cur síos sa TMTT ar thionchar amhairc an chuarbhóthair ar an gcaisleán mar 'tromchúiseach'. Má tá ciall ar bith leis an aitheantas atá ag stádas an chaisleáin mar Shéadchomhartha Náisiúnta, Struchtúr faoi Chosaint agus foirgneamh lena mbaineann tábhacht ailtireachta agus seandálaíochta ansin níl aon amhras ach gur cheart go dtabharfadh sé cosaint dó i gcoinne scrios iomlán a shuímh ar an mbealach seo."*

### Freagra

4.5.3 Tá Caisleán Mhionlaigh ar an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna agus is Struchtúr faoi Chosaint é (AH 16 agus BH 10). Ní Séadchomhartha Náisiúnta é an caisleán. Tá an foirgneamh ar shuirbhé Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta, ach ní thugann sé sin aon chosaint bhreise don struchtúr. Tá an struchtúr lonnaithe 140 méadar siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Mar a shonraítear i dTábla 13.17 agus i dTábla 13.18 de Chaibidil 13 den TMTT, tá sé de chumas ag an tionchar oibríochta tionchar diúltach suntasach indíreach a bheith aige ar an gcaisleán mar láithreán seandálaíochta agus oidhreachta tógtha.

4.5.4 Tá sé beartaithe suíomh reatha an chaisleáin a thaifeadadh mar a leagtar síos i gCuid 13.6.3 de Chaibidil 13, den TMTT. Aithnítear i gCuid 13.7.3 de Chaibidil 13 den TMTT, go mbeidh tionchar diúltach measartha indíreach ar an gcaisleán i rith chéim oibríochta na forbartha bóthair atá beartaithe.

4.5.5 Maidir leis an tírdhreach diméine iar-mheánaoiseach a bhaineann le húsáid an chaisleáin san 18ú agus 19ú haois – DL 8 – is tionchar diúltach, suntasach, díreach é an tionchar measta. Mar sin féin, tá an diméin a bhí ann tráth bánaithe anois agus rinneadh forbairt nua-aoiseach ar chodanna di. Ag smaoineamh ar dhrochbhail caomhnaithe an tírdhreacha deartha, ní féidir féachaint air mar rud a léiríonn an chúirtealáiste iomlán a bhaineann leis an struchtúr faoi chosaint.

## 4.6 Aighneacht ó Áitritheoirí Mhionlaigh-Bhaile an Dúlaigh

### Ceisteanna a tarraingíodh anuas in Aighneacht/Agóid S_074

4.6.1 Leathanach 1, alt 3: *"Tá an tábhacht chéanna le suntasacht stairiúil an tSean Bhóthair, toisc gurb é seo an chéad slí a d'úsáid Arm Oilibhéar Chromail le dul isteach go Cathair na Gaillimhe sa 17ú haois."*

4.6.2 Leathanach 2, alt 3: Mar phointe faisnéise déantar tagairt san aighneacht do léarscáil stairiúil in Aguisín 2 den aighneacht. Rinneadh anótáil air sin mar rud a théann siar go dtí 1820. Mar sin féin, is cóip í an léarscáil, ar sheat scáileáin í ó shuíomh gréasáin Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI), den chéad eagrán de léarscáil OSI a théann siar go dtí 1841.

4.6.3 Leathanach 6, alt 2: *"Scriosadh séadchomhartha náisiúnta (oibrithe an chairéil roimhe sin a rinne é sin): sampla iontach de lios."*

4.6.4 Leathanach 7, alt 1: *"Toisc go bhfuil clocha an leasa a luadh roimhe seo fós ar an láithreán, an bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil ar na húinéirí nua, agus/nó ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe/ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta an séadchomhartha náisiúnta seo a chur ar ais? Tabhair comhairle maidir leis seo."*

4.6.5 Leathanach 20, alt 1: *"Tá tobar gar do struchtúr faoi chosaint freisin - RPS Tag. 3607. An féidir leis an mBord Pleanála soiléiriú a thabhairt ar an stádas oifigiúil maidir le gnéithe de na struchtúir faoi chosaint thuasluaite a luaithe agus is féidir?*

4.6.6 Leathanach 22, alt 3: *"Is iomaí teaghais ársa/stairiúil eile gan aithint agus gnéithe atá sa chosán díreach agus/nó díreach gar do bhealach an N6, i gceantar Mhionlaigh-Chúil Each. Níl aon tagairt don dolmán ag Mionlach ná do na dumhaí ón ngorta i ngarraithe Bhaile an Dúlaigh? Bhí roinnt daonraí stairiúla éagsúla ag cur fúthu i Mionlach-Cúil Each leis na mílte blianta: lena n-áirítear iarsmaí agus taisí Paileáiliteacha agus Méisiliteacha, taisí agus soithí ón gCré-umhaois agus ó Ré na Lochlannach. Beidh cur amach ag an músaem áitiúil agus ag an Músaem Náisiúnta ar na cinn tua cloch a bhfuil líon mór díobh ann, rinn saighde agus claímh chré-umha a aimsítear sna ceantair sin go rialta. Tá go leor Caisleán neamhthaifeadta gar do Chairéal Chúil Each agus luíonn soithí Lochlannacha in uiscí suas an abhainn ó Mhionlach. Tá Crannóga sa cheantar freisin. Nach gcuirtear aon cheann díobh sin san áireamh sa TMTT? Iarraimid go ngabhfaí i ngleic leis na ceisteanna seo ag an Éisteacht ó Bhéal."*

4.6.7 Lgh 23-25: *"Laistigh de na leathanaigh seo den aighneacht deimhnítear gur dóigh go bhfuil séipéal cloch ann, struchtúir chloiche neamhaitheanta atá slán agus cuid de bhalla 'Shean-Teorann Chathair na Gaillimhe', agus beidh tionchar ag 'tollánú agus pléascadh' orthu sin go léir. 4.5.7 Cuirtear roinnt grianghraf i láthair san aighneacht maidir leis na struchtúir luaite (leathanaigh 23-25). Ar leathanach 25 tugtar ar aird ón seanchas áitiúil go raibh na cairn tholla sa phictiúr ceaptha glasraí a chosaint ó chreachairí gar do lonnaíocht gorta neamhthaifeadta in aice láimhe agus go raibh siad faoi chumhdach tuí i dtús báire."*

4.6.8 Ar leathanach 25, tugtar an méid seo a leanas faoi deara in alt 2: *"Tá sraith páirceanna triantánacha sainiúla ann freisin, b'fhéidir gur lonnaíochtaí ón ngorta nó roimh an ngorta atá iontu, le struchtúr cloch ciorclach agus cearta slí ar gach aon taobh den lonnaíocht le ceart slí eile a eascraíonn ó na móinéir, a mbeidh cuid den tollán atá beartaithe i gCúil Each lonnaithe faoi. Níl aon tagairt dó sin sa TMTT. Iarraimid go dtabharfaí míniú oiriúnach air sin ag an éisteacht ó bhéal a bheidh ar siúl go luath."*

## Freagra

4.6.9 Maidir le hOilibhéar Cromail, níl aon fhianaise dhíreach ann gur úsáid seisean agus a arm an tslí seo. Tá seans ann gur bhain siad úsáid as, sa dóigh chéanna go bhfuil seans ann gur bhain siad úsáid as aon slí eile freisin idir crios léigir Loch an tSáile agus Loch Coirib. Ní bhainfear an tslí mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, toisc go dtrasnóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe é.

4.6.10 Maidir leis an gcairéal agus an lios a bhíodh ann, dhá lios is dóigh a bhíodh lonnaithe roimhe seo laistigh den chairéal agus áirítear iad laistigh de Chaibidil 13 den TMTT mar láithreáin oidhreachta seandálaíochta, AH 18 agus 19. Baineadh na láithreáin sin go hiomlán de bharr cairéalachta agus tá sé i gceist iad a bhaint as an TMÁ dá bharr sin. Ní liostaítear ceachtar acu mar Shéadchomhartha Náisiúnta.

4.6.11 Ní féidir na clocha a luaitear mar chinn a léiríonn iarsmaí leasa laistigh den chairéal a nascadh go cinnte leis an iar-shéadchomhartha, toisc go bhfuil na clocha scaoilte agus nach bhfuil siad in-situ ná san áit cheart. Drochsheans go mbaineann na clocha leis an iar-shéadchomhartha, atá bainte go hiomlán de bharr cairéalachta agus níl aon iarsmaí ann a thuilleadh. Ní bheifí in ann an séadchomhartha a atógáil toisc go bhfuil an fhaisnéis go léir a bhaineann leis an gcuma a bhíodh air imithe, na comhthéacsanna seandálaíochta go léir ina measc.

4.6.12 Mar thagairt don struchtúr faoi chosaint ag Cúil Each, is í an tagairt RPS cheart ná RPS 2402 agus tá sé aitheanta mar struchtúr faoi chosaint BH 11 i gCaibidil 13 den TMTT. Is é an teachín féin an t-aon struchtúr a luaitear laistigh den taifead.

4.6.13 Maidir le láithreáin seandálaíochta a bhí neamhaitheanta roimhe seo, tugtar measúnacht iomlán den tionchar féideartha orthu sin i gCuid 13.5 de Chaibidil 13 den TMTT agus moltar bearta chun na tionchair sin a mhaolú i gCuid 13.6 de Chaibidil 13 den TMTT. Tá tagairtí san aighneacht maidir le grianghraif de roinnt gnéithe cloch ina ndealraítear gur cairn ghlanta nó fálta beaga fothana a bhí iontu, atá curtha san áireamh san aighneacht agus in aguisíní nasctha. Níor cuireadh aon sonraí ná mapáil suímh isteach leis an bhfaisnéis seo, mar sin ní féidir tuairim a thabhairt air sin toisc nach eol comhthéacs an tírdhreacha agus a ábharthacht don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Tá torthaí na gcigireachtaí páirce a rinneadh mar chuid den mheasúnacht don fhorbairt bóthair atá beartaithe in Aguisín A.13.6, Torthaí mionsonraithe na gcigireachtaí ar pháirceanna, den TMTT.

4.6.14 Ní thugtar íomhánna ná sonraí suímh san aighneacht a bhaineann le dolmán i Mionlach. Tugadh struchtúr meigiliteach féideartha faoi deara le linn na measúnachta TMTT laistigh den bhaile fearainn sin. Déantar tagairt dó mar CH 49 i gCaibidil 13 den TMTT agus áirítear é in Aguisín A.13.1, cúlra Seandálaíochta agus Stairiúil, den TMTT agus Aguisín A.13.6, Torthaí mionsonraithe na gcigireachtaí páirce, den TMTT.

4.6.15 Arís, ní thugtar sonraí suímh san aighneacht maidir le dumhaí gorta, nó gnéithe seandálaíochta iar-mheánaoiseacha ag Baile an Dúlaigh. Níor sainaithníodh aon láithreáin nach raibh taifeadta roimhe sin laistigh den bhaile fearainn seo i rith na cigireachta páirce ar an scéim bheartaithe nó nuair a bhí an bhonnlíne á tiomsú.

4.6.16 Maidir le láithreáin agus iarsmaí ó thréimhsí réamhstairiúla agus stairiúla éagsúla, mar phointe faisnéise níl aon seandálaíocht Phailéiliteach ar eolas i gContae na Gaillimhe. In 2016 rinneadh dátú ar chnámh béir maraithe ó phluais i gContae an Chláir, a thugann dáta timpeall ar 10,500 RCh maidir leis an ngníomh daonna is túisce atá ar eolas in Éirinn. Tá mionsonraí in Aguisín A.13.3 den TMTT ar na torthaí fánacha go léir a taifeadadh ó limistéar staidéir na forbartha bóthair atá beartaithe, a liostaítear i gcomhaid Thopagrafacha Ard-Mhúsaem na hÉireann. Ina

measc sin tá seacht gcinn de chinn tua cloch ó Abhainn na Gaillimhe (gar do Mhionlach) mar aon le hiarsmaí liteacha éagsúla a tháinig as an abhainn gar do Mhionlach freisin.

4.6.17 Luaitear *Caisleáin* neamhthaifeadta, gar do Chairéal Chúil Each san aighneacht. Ní raibh aon fhianaise ar chaisleáin neamhthaifeadta roimhe sin sa cheantar seo nuair a bhí an TMTT á cur i dtoll a chéile. Ar an gcaoi chéanna, níl aon fhianaise thaifeadta go raibh longa Lochlannacha i láthair sa Choirib os cionn Mhionlaigh.

4.6.18 Pléitear Crannóga ar leathanach a trí d'Aguisín A.13.1 den TMTT. Tá an láithreán mar sin is gaire suite 360 méadar ó imeall na forbartha bóthair atá beartaithe ar chladaí Loch Bhaile an Dúlaigh.

4.6.19 Ní chuirtear aon sonraí suímh i láthair san aighneacht maidir le struchtúir fhéideartha, lena n-áirítear seanbhalla na cathrach, séipéal féideartha agus lonnaíocht neamhaitheanta ón ngorta. Dá bhrí sin, is deacair tuairim a thabhairt ar a chomhthéacs sin. Mar sin féin, táim in ann a dheimhniú go ndearnadh measúnú iomlán ar an gceantar seo i rith an mheasúnaithe bonnlíne agus i rith na cigireachta páirce. Sainaithníodh aon ghnéithe a bhfuil fiúntas seandálaíochta / oidhreachta cultúrtha ag baint leo agus áiríodh iad i gCaibidil 13 den TMTT. Níl aon fhianaise ar 'Seanbhalla na Cathrach' sa cheantar seo – gné a bheadh taifeadta laistigh de mhapáil stairiúil na Suirbhéireachta Ordanáis. Ar an gcaoi chéanna, níl aon fhianaise ar lonnaíochtaí roimh an ngorta sa cheantar seachas Sráidbhaile Chúil Each. Tá an chéad eagrán de na léarscáileanna OS, a théann siar go dtí 1841, mionsonraithe i dtaifeadadh na struchtúr. Cé go bhféadfadh sé gur úsáideadh na páirceanna máguaird i gcomhair talmhaíochta ag an am, níl haon scéal nua é sin le hais aon tírdhreach eile ón 19ú haois a aimsíodh in Éirinn.

## 4.7 Aighneacht ó Tony O'Hanlon & Peggy McConnell

### Ceisteanna a tarraingíodh anuas in Aighneacht/Agóid Ob_298

4.7.1 Leathanach 7, alt 2: *"Tagraíonn 13.1.06 den TMTT do réadmhaoine ár gcliaint 'Leitriff House' mar láithreán oidhreachta cultúrtha / struchtúr ag a bhfuil acmhainn seandálaíochta nó oidhreachta tógtha faoi Thag.: CH 35."*

### Freagra

4.7.2 Táim in ann a dheimhniú gur sainaithníodh Leitriff House mar struchtúr ag a bhfuil fiúntas oidhreachta ailtireachta nuair a bhí Caibidil 13 den TMTT á cur i dtoll a chéile. Tá sé liostaithe mar CH 35 i dTábla 13.9 i gCaibidil 13 agus déantar tuilleadh cur síos air ar leathanach 7 (alt 5) in Aguisín A.13.6, Torthaí Mionsonraithe na gCigireachtaí ar Pháirceanna.

# 5 Conclúid

5.1 Mar achoimre, is féidir liom a bhaint de thátal as go ndearnadh measúnacht mhionsonraithe ar an acmhainn oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta agus cultúrtha mar chuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Mar chuid de sin rinneadh anailís ghrinn ar shonraí bonnlíne, mar aon le cigireachtaí páirce agus ceantar amháin de shuirbhéireacht gheoifisiceach, a rinneadh ar láithreán ag a bhfuil acmhainn seandálaíochta. Rinneadh measúnú iomlán ar na tionchair fhéideartha, agus tá sraith beart maolaithe ag gabháil leis sin a ceapadh chun aon tionchair dhiúltacha ar an acmhainn oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta agus cultúrtha a laghdú nó a bhaint go hiomlán.

5.2 Sna himthosca sin, agus aghaidh tugtha ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas in aighneachtaí agus i dtuairimí a tugadh don Bhord, ní bheidh aon tionchair shuntasacha ar an acmhainn oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta agus / nó cultúrtha de bharr na forbartha bóthair atá beartaithe. Ní dhearna míreanna a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí agus sna tuairimí ábhartha difear do thorthaí an mheasúnaithe a rinneadh ar an oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha.